Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2018 (OR. en)

13311/18

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0326(COD)**

CODEC 1722
ECOFIN 943
EF 258
PREP-BXT 38
PE 132

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 i dtaca leis an áit a mbeidh suíomh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh<br>- An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 22 - 25 Deireadh Fómhair 2018) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 de CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin sainchomhad seo ar an gcéad léamh, agus dá réir sin, an dara léamh agus idir-réiteach a sheachaint.

1 IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

Sa chomhthéacs sin, thíolaic na comhrapóirtéirí, Othmar KARAS (EPP, AT) agus Pervenche BERÈS (S&D, FR), dhá leasú (leasú 2 agus leasú 3) ar an togra le haghaidh rialacháin thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta. Thángthas ar chomhaontú maidir leis na leasuithe sin le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas.

## II. VÓTÁIL

Ghlac an seisiún iomlánach dhá leasú (leasú 2 agus leasú 3) ar an togra le haghaidh rialacháin ag an vóta a caitheadh ar an 25 Deireadh Fómhair 2018. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[2].

Léirítear le seasamh na Parlaiminte an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ansin, ghlacfaí an gníomh san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

---

[2] I dtaca leis an leagan sin de sheasamh na Parlaiminte atá le fáil sa rún reachtach, rinneadh na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a cuireadh ar an togra ón gCoimisiún a mharcáil ann. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail "▌".

## Láthair shuíomh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2018 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 i dtaca leis an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (COM(2017)0734 – C8-0420/2017 – 2017/0326(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa* ,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0734),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0420/2017),

– ag féachaint d'Airteagal 295 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, atá tiomanta do chomhar dílis agus trédhearcach ar feadh an timthrialla reachtaigh ina iomláine agus do chomhionannas an dá chomhreachtóirí;

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don Chomhráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe ón 19 Iúil 2012,

– ag féachaint don Nós Imeachta as a lean cinneadh maidir le hathlonnú na Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpaí agus an Údaráis Maoirseachta Eorpaigh (Údarás Baincéireachta na hEorpa) (ÚBE) i gcomhthéacs tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas, arna fhormhuiniú ar imeall na Comhairle Eorpaí (formáid Airteagal 50 CAE) an 22 Meitheamh 2017;

– tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach;

– ag féachaint do thuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 17 Eanáir 2018[3],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2018 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

[3] IO C 197, 8.6.2018, lch. 72.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta agus tuairimí an Choiste um Bhuiséid agus an Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A8-0153/2018),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á thabhairt dá haire an ráiteas ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú láithreach ar an gCur Chuige Coiteann atá i gceangal leis an gComhráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an 19 Iúil 2012 chun ról na Parlaiminte sa phróiseas cinnteoireachta maidir le suíomh na ngníomhaireachtaí a chur san áireamh go cuí i bhfianaise a sainchumais mar chomhreachtóir faoin ngnáthnós imeachta reachtach, agus mar sin á iarraidh go mbeidh dlúthpháirt ag an bParlaimint sa phróiseas cinnteoireachta sin;

4. ag meabhrú di na critéir a shainigh an Coimisiún agus a fhormhuinigh Ceannasaithe Stáit nó Rialtais an 27AE sa Chomhairle Eorpach (formáid Airteagal 50 CAE) ar an 22 Meitheamh 2017 maidir le athlonnú gníomhaireachtaí an Aontais ó Londain i gcomhthéacs tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas , eadhon: i. an dearbhú gur féidir an ghníomhaireacht a bhunú ar an láithreán agus a chuid feidhmeanna a ghlacadh ag dáta tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas; ii. inrochtaineacht na láithreach; iii. go bhfuil áiseanna oideachais leordhóthanacha ann do pháistí bhaill foirne na gníomhaireachta; iv. rochtain chuí ar an margadh saothair, ar shlándáil shóisialta agus ar chúram leighis do leanaí agus do chéilí; v. leanúnachas gnó agus vi. scaipeadh geografach;

5. á cháineadh nach raibh baint ag an bParlaimint i sainmhíniú agus ar ualú na gcritéar chun láthair shuíomh an ÚBE a roghnú in ainneoin shainchumais na Parlaiminte, lena bhfuil an Pharlaimint agus an Chomhairle ina gcomh-reachtóirí comhionanna maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[4] lena mbunaítear ÚBE agus lena sainítear a láthair;

6. ag meabhrú di go ndearnadh cinneadh 2010 maidir le láthair ÚBE, chomh maith leis an gcinneadh maidir le láthair EIOPA agus ESMA a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach tar éis nós imeachta trilogue lán-chuimsitheach; gur cinneadh suíomh na gníomhaireachta, a bhain sa chaoi céanna le haon athlonnú ó Londain, i gcomhaontú coiteann idir ionadaithe rialtais na mBallstát, ag cruinniú dóibh ag leibhéal Cheannasaithe Stáit agus Rialtais; ag tarraingt aird air go ndearna an Chomhairle (formáid Airteagal 50 TEU) suíomh nua an ÚBE a roghnú ar bhonn an Chomhráitis maidir le gníomhaireachtaí díláraithe an 19 Iúil 2012 a bhfuil ord dlíthiúil níos ísle aige i gcomparáid le Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;

7. ag cáineadh an easpa trédhearcachta agus cuntasachta, sa nós imeachta vótála a rinne an Chomhairle an 20 Samhain 2017, ag fágáil cinntí deiridh le socrú trí chrannchur; ag tarraingt aird air go bhfuil na gníomhaireachtaí maoinithe go páirteach ag buiséad an Aontais faoi láthair agus go bhféadfadh costais athlonnála a bheith ann go páirteach ar bhuiséad an Aontais a bhfuil faoi réir idirbheartaíocht leanúnach idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe; ag cur i bhfios an gá atá le cuntasacht dhaonlathach chomh maith le cinnteoireacht trédhearcach agus intuigthe ar mhaithe le leas an phobail Eorpaigh; ag iarraidh tuilleadh sonraí maidir le ualú na

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (Údarás Baincéireachta na hEorpa), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009 / CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch.12).

gcritéar a chuireann an Chomhairle i bhfeidhm sa nós imeachta roghnúcháin maidir le láthair ÚBE;

8. den tuairim gur cheart go mbeadh an Pharlaimint páirteach go córasach agus ar théarmaí comhionanna leis an gCoimisiún agus leis an gComhairle i sainiú agus ualú na gcritéar maidir le láthair chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí uile an Aontais a bhfuil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle athbhreithniú a thionscnamh ar Ráiteas Comhpháirteach an 19 Iúil 2012 maidir le gníomhaireachtaí díláraithe agus mar aidhm aige a áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht láidir ag an bParlaimint agus a urramú go háirithe ag an am céanna a cumhachtaí comhchinnteoireachta;

9. ag cur i bhfios na tascanna agus na réimsí inniúlachta éagsúla atá ag Údaráis Maoirseachta na hEorpa ÚBE, EIOPA agus ESMA; ag meabhrú di cinneadh na gcomhreachtóirí a rinneadh d'aon ghnó na trí údarás a bhunú le tascanna agus réimsí inniúlachta ar leithligh, ceann le haghaidh baincéireachta, ceann le haghaidh urrúis agus ceann le haghaidh árachais agus pinsin; ag éilimh go ndéanfar an scaradh seo a léiriú i gcónaí sna hinniúlachtaí rialála agus maoirseachta agus sa rialachas, i bpríomheagrúcháin agus i bpríomh-mhaoiniú a ngníomhaíochtaí atá neamhspleách ar a láthair, agus a ligeann dóibh seirbhísí tacaíochta riaracháin agus seirbhísí bainistíochta saoráidí a roinnt, más infheidhme, nach mbaineann le gníomhaíochtaí lárnacha, á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle socrú reatha na dtrí údarás a choimirciú le linn athlonnú ÚBE agus dá éis; ag éilimh nuashonrú rialta ón gCoimisiún maidir leis seo, go háirithe le linn an nós imeachta reachtach leanúnach maidir le hathbhreithniú na n-údarás Maoirseachta Eorpach (COM(2017)536); ag meabhrú di go bhfuil Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 mar chuid den nós imeachta reachtach faoi athbhreithniú na nÚdarás Maoirseachta Eorpach (COM(2017)536);

10. ag cur i dtreis gur gá an t-athlonnú agus an t-áitreabh nua a bheith réidh agus oiriúnach ag an am a thagann tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach i bhfeidhm;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

12. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8_TC1-COD(2017)0326**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 25 Deireadh Fómhair 2018 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2018/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 i dtaca leis an áit ina mbeidh suíomh an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste ***Eacnamaíoch agus*** Sóisialta ▌ na hEorpa[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[6],

De bharr an méid seo a leanas:

---

**5** IO C 197, 8.6.2018, lch. 72

**6** Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2018.

(1) I gcomhthéacs an fhógra a thug an Ríocht Aontaithe an 29 Márta 2017 go raibh sé beartaithe aici tarraingt siar ón Aontas, de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ***(CAE)***, rinne na 27 mBallstát eile, i gcruinniú ar imeall na Comhairle, an 20 Samhain 2017, Páras, an Fhrainc a roghnú mar shuíomh nua an ***Údaráis Maoirseachta Eorpaigh (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach) (an 'tÚdarás')***.

***(2) Agus aird á tabhairt ar an "Tuarascáil Chomhpháirteach ó idirbheartaithe an Aontais Eorpaigh agus Rialtas na Ríochta Aontaithe maidir leis an dul chun cinn le linn chéim 1 den chaibidlíocht faoi Airteagal 50 CAE maidir le haistarraingt ordúil na Ríochta Aontais ón Aontas Eorpach" an 8 Nollaig 2017 agus go háirithe ar an gcaibidil maidir le socrú airgeadais, agus ar an ngealltanas ón Ríocht Aontaithe rannchuidiú le buiséad ginearálta an Aontais do na blianta airgeadais 2019 agus 2020 amhail gur fhan sí san Aontas agus rannchuidiú lena sciar de mhaoiniú na ngealltanas gan íoc amhail an 31 Nollaig 2020, tá na costais a bhaineann le suíomh an Údaráis a athshuí, a eascraíonn as cinneadh na Ríochta Aontaithe tarraingt siar ón Aontas, le seasamh ag cáiníocóirí uile an Aontais trí bhuiséad ginearálta an Aontais. Tá tairiscint déanta ag an Ríocht Aontaithe plé a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí sin de chuid an Aontais atá lonnaithe i Londain ar conas is féidir leo a gcostais aistarraingthe a laghdú.***

(3) Ag féachaint d'Airteagal 50(3) ***CAE***, ba cheart don ***Údarás*** a shuíomh nua a ghlacadh amhail ▌ón 30 Márta 2019▌

(4) Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an t***Údarás*** mar is ceart san áit ina mbeidh sé, ba cheart comhaontú maidir le ceannáras idir an tÚdarás agus an Fhrainc, ***agus tionscadal tógála i gcomhréir le hAirteagal 88 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún***[7] a thabhairt i gcrích, sula nglacfaidh an t***Údarás*** a shuíomh nua. ***Ba cheart an t-áitreabh nua a bheith ullamh agus socraithe chun críche an bhuan-athshuí faoin 30 Márta 2019***. ***Ba cheart go dtabharfadh an comhaontú maidir le ceanncheathrú léiriú ar fhreagracht údaráis na Fraince maidir leis na coinníollacha is iomchuí a sholáthar chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an tÚdarás i gceart i gcomhthéacs a athshuite.***

***(5) Le haistriú shuíomh an Údaráis, ní chaitear amhras ar an bplean bunaíochta, mar a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an gComhairle é, ná ní dhéantar amhlaidh le cur i bhfeidhm na Rialachán Foirne ar oifigigh agus ar ghníomhairí eile a oibríonn ag an Údarás.***

---

7 ***Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2013 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 7.12.2013, lch. 42).***

*(6) Níor cheart go mbeadh aon iarmhairtí ag athshuí an Údaráis maidir le sainorduithe soiléire na n-Údarás Maoirseachta Eorpacha a fhorghníomhú ná maidir lena stádas dhlíthiúil ar leithligh a chaomhnú. Leis an athshuí, i gcás inarb infheidhme, d'fhéadfaí deis a thabhairt do ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais seirbhísí tacaíochta riaracháin agus seirbhísí bainistithe saoráidí nach bhfuil baint acu leis na croíghníomhaíochtaí a chomhroinnt.*

*(7)* ***Ba cheart an caidreamh idir institiúidí de chuid an Aontais a dhéanamh i gcomhar dílis eatarthu féin, agus gach institiúid díobh ag gníomhú laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí arna dtabhairt di i CAE agus i gConradh maidir le Feidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta, coinníollacha agus cuspóirí a leagtar amach iontu.***

(8) Chun go mbeidh a dhóthain ama ag ***an Údarás*** athshuí a dhéanamh, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne ***tar éis a ghlactha i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach***.

*(9)* ***Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] a leasú dá réir,***

**8** Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010:

"*Airteagal 7*

**Suíomh**

Is i bPáras na Fraince a bheidh suíomh an Údaráis a bheith.

***Ní dhéanfaidh an áit a mbeidh suíomh Údarás difear d'fhorghníomhú chúraimí agus chumhachtaí an Údaráis, d'eagar a struchtúir rialaithe, d'oibriú a phríomheagraíochta, ná do phríomh-mhaoiniú a chuid gníomhaíochtaí, agus ag an am céanna, i gcás inarb infheidhme, tabharfar deis do ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais seirbhísí tacaíochta riaracháin agus seirbhísí bainistithe saoráidí nach bhfuil baint acu le croíghníomhaíochtaí an Údaráis a chomhroinnt. Faoin ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo] agus gach 12 mhí dá éis, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis an gceanglas sin a bheith á chomhlíonadh ag Údaráis Maoirseachta Eorpacha sin.***"

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón ▌30 Márta 2019▌.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**Ráiteas ón gComhairle maidir le ÚBE/EMA**

Á mheabhrú di an gealltanas a thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le comhar dílis agus trédhearcach, agus i bhfianaise an phróisis a leanadh maidir le hathshuí EMA agus ÚBE, a bhain go sonrach leis an gcás i gceist agus nach raibh ina fhasach do ghníomhaireachtaí a shuí amach anseo,

Agus na Conarthaí á meabhrú di, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá malartú feabhsaithe faisnéise ón gcéad chéim i gcás na bpróiseas a bheidh ann amach anseo maidir le gníomhaireachtaí a shuí.

Agus luathmhalartú faisnéise ar bun, is éasca a bheadh sé do na trí institiúid a gcearta a fheidhmiú de réir na gConarthaí trí na nósanna imeachta gaolmhara.

Tugann an Chomhairle dá haire an iarraidh a rinne Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí athbhreithniú, a luaithe is féidir, ar an Ráiteas Comhpháirteach agus Cur Chuige Coiteann maidir le Gníomhaireachtaí Díláraithe ó 2012. Mar chéad chéim, iarrann sí ar an gCoimisiún anailís chuimsitheach a chur ar fáil, faoi mhí Aibreán 2019, maidir le cur chun feidhme an Ráitis Chomhpháirtigh agus an Chur Chuige Chomhchoitinn maidir le Gníomhaireachtaí díláraithe a shuí. Bheadh anailís den sórt sin mar bhonn chun measúnú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le tabhairt faoi athbhreithniú den sórt sin.